An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

**Uimhir Chiorcláin 0065/2025**

**Chuig:** Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foirne Múinteoireachta Iar-Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta, agus Príomhfheidhmeannaigh Bhord Oideachas agus Oiliúna (BOOanna)

# Cláir Fhoghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí

## 1. Réamhrá

Is é cuspóir an chiorcláin seo ná iar-bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus timpeallachtaí oideachais eile a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ar churaclam agus ar mheasúnacht na gClár Foghlama ar Leibhéal 1 agus ar Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí. Is ceart an ciorclán seo a léamh in éineacht le Cláir Shraithe Sinsearaí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta: Ráiteas Cláir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2.

Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta, ar Phríomhoidí, ar Foirne Múinteoireachta gach iar-bhunscoile, ar scoileanna speisialta, agus ar na Príomhfheidhmeannaigh Bhord Oideachais agus Oiliúna a chinntiú go dtarraingeofar aird gach múinteora agus cúntóra riachtanas speisialta láithreach ar an gciorclán seo.

Ina theannta sin, iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go gcuirfear comhairle ar gach tuismitheoir/caomhnóir agus ar gach scoláire maidir le gnéithe ábhartha an chiorcláin seo.

Tá sé mar aidhm ag an Roinn Oideachais agus Óige cabhrú le gach duine aonair tríd an bhfoghlaim a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a chinntiú go seasann an córas oideachais le cearta gach duine chun oideachas a fháil atá oiriúnach dá riachtanais. Is í sprioc Clár Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí ná scoláirí a ullmhú don saol i ndiaidh na scoile, agus iad a chur ar a gcumas leanúint de bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh a saoil agus chun maireachtáil ar dhóigh neamhspleáiche. Is cláir phearsantaithe iad cláir na Sraithe Sinsearaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a ndearnadh a oiriúnú do riachtanais fhoghlama ar leith an scoláire.

Beidh an foghlaim aitheanta le haghaidh deimhniúchán Cláir Fhoghlama na Sraithe Sóisearaí ar Leibhéal 1 (CFSSL1) ar Leibhéal 1 ar An gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (CEC). Beidh an foghlaim aitheanta le haghaidh deimhniúchán Cláir Fhoghlama na Sraithe Sóisearaí ar Leibhéal 2 (CFSSL)

ar Leibhéal 2 ar An gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (CEC). Is é cuspóir an CFSSL1 agus an CFSSL2 ná leanúnachas, dul chun cinn agus daingniú foghlama a sholáthar ón Sraith Sóisearach.

## 2. Cúlra

Mar a d'fhógair an tAire Oideachais i mí an Mhárta 2022, iarradh ar an gComhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM) cláir na Sraithe Sóisearaí leantacha do scoláirí a bheidh ag dul ar aghaidh ó Chláir Fhoghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ar leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Dearadh an CFSSL1 agus an CFSSL2 do scoláirí atá ag freastal ar réimse thimpeallachtaí scoile agus oideachais.

Ba é an tAire Oideachais agus Óige a d'fhormheas an Ráiteas Cláir agus réimsí tosaigh an churaclaim le tabhairt isteach i scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2024. Tá réimsí curaclaim agus módúil roghnach ar fáil anois le tabhairt isteach i scoileanna.

Foilseofar liosta iomlán na modúl roghnach agus réimsí an churaclaim de réir agus a déanfar é a uasdátú ag Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 | Curaclam Ar Líne

Leanann Grúpa Forbartha Iar-Bhunscoile agus Oideachais Speisialta na CNCM de mhodúil roghnacha a fhorbairt do na cláir sin.

Forbróidh an CNCM le hionchur ón gCoimisiún um Scrúduithe Stáit (CSS) treoirlínte i gcomhairle le múinteoirí chun tacú le measúnú a dhéanamh ar réimsí agus ar mhodúil an churaclaim. Beidh siadsan ar fáil faoi dheireadh 2025 ar Cláir Fhoghlama ar Leibhéal 1 agus ar Leibhéal 2 | Curaclam Ar Líne.

## 3. Clár Foghlama Sraithe Sinsearaí Leibhéal 1/Leibhéal 2 a Dhearadh

The SCL1LP and SCL2LP are personalised programmes that are tailored to the identified strengths, needs and interests of the student, which is necessary to achieve the best possible outcomes for the student.

Ba chóir do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais tagairt a dhéanamh don Ráiteas an Chláir le haghaidh sonraí maidir le conas scoláirí a aithint a bhfuil Clár Foghlama oiriúnach dóibh. Ní mór dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí/leis na caomhnóirí agus leis na scoláirí iad féin. Is ceart go mbeidh na himpleachtaí foghlama, curaclaim agus breisoideachais, i gcás a gcinneann scoláire na cláir a leanúint, mar chuid de na díospóireachtaí sin.

De bharr gur cláir fhoghlama phearsantaithe iad, is ceart go mbeadh an scoláire aonair lárnach agus an clár á shocrú. Tacaíonn creat an Chontanaim Tacaíochta (CT) le múinteoirí faisnéis a bhailiú agus le pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an scoláire tríd an bpróiseas fadhbréitigh. Is próiseas dinimiciúil agus timthriallach é an próiseas chun riachtanas a aithint, lena n-amharctar ar fhreagairt an scoláire ar idirghabháil mar ghné lárnach chun leibhéal a riachtanais a thuiscint. In Iar-Bhunscoileanna príomhshrutha, féadfaidh na scoláirí sin a bheith ar an dTacaíocht Scoile Móide – do Bheagán leibhéal den CT. Leagtar sonraí breise amach sna Treoirlínte d'Iar- Bhunscoileanna: Tacú le Daoine Óga i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu.

Cuireann an Comhad Tacaíochta do Scoláirí (CTD) próiseas ar fáil chun gach faisnéis a bhaineann leis an scoláire a thaifead agus a thiomsú, chun idirghabhálacha atá ailínithe lena mbuanna, lena suimeanna agus lena riachtanais aitheanta a phleanáil, agus chun doiciméadú fhreagartha an scoláire ar idirghabháil a éascú.

Is éard atá sa CTD ná Plean Tacaíochta an Scoláire (PTS), plean foghlama sainoiriúnaithe a leagtar buanna, suimeanna agus riachtanais an scoláire amach ann, chomh maith leis na riachtanais fhoghlama a bhfuil tús áite acu a ndearnadh a chomhaontú mar bhunchloch na gcuspóirí agus na n-idirghabhálacha. I ngach comhthéacs scoile, is ceart go dtacaítear leis an PS le plean cuí maidir le dul chun cinn an scoláire i ndiaidh na Sraithe Sinsearaí.

Mar shampla, féadfaidh scoláirí CFFSSL1 nó CFSSL2 a dhéanamh taobh le scoláirí a dhéanann curaclam ar leibhéil eile, ar choinníoll go bhfuil an fhoghlaim oiriúnach do riachtanais agus do bhuanna aonair aitheanta an scoláire.

Tá solúbthacht ann do scoláirí a leanann CFFSSL1 nó CFSSL2 gabháil don tSraith Shinsearach ag leibhéil éagsúla, de réir mar is cuí don scoláire. Is ceart go mbeadh an leithdháileadh aon fhoinse ó thaobh istigh de chionroinnt MOS na scoile príomhshrutha i gcomhréir leis na treoirlínte lena dtacaítear le cionroinnt MOS agus i gcomhréir le dul i ngleic le riachtanais fhoghlama aitheanta aonair an scoláire.

Meabhraítear do scoileanna go bhfuil An Idirbhliain ina bliain aonair laistigh den Thimthriall Sinsearach. Ní ceart go n-úsáidfí í mar shlí chun CFSSL1 nó CFSSL2 a chumhdach thar tréimhse thrí bliana.

Tá scoileanna agus timpeallachtaí oideachais solúbtha ó thaobh an chláir ama. Is treoirlíne iad na huaireanta, mar shampla 60 uair an chloig, a mholtar do na modúil. Féadfar nach féidir roinnt modúl sa CFSSL1 agus sa CFSSL2 a chríochnú thar tréimhse bhliain amháin. Sa chás sin, féadfar an modúl a dhéanamh thar thréimhse dhá bhliain.

Is féidir faisnéis bhreise maidir le clár ar leith a dhearadh a fháil sa Ráiteas Cláir.

## 4. Clárú chun Críocha Sonraí agus Creidiúnú

Déanfaidh an Roinn sonraí a bhaineann le scoláirí atá i mbun clár foghlama a thaifead. Cabhrófar le taifead na sonraí clárúcháin agus le bheith mar bhonn eolais faoi phleanáil na Roinne. Gríosaítear scoileanna go tréan chun na sonraí sin a chur ar ais chuig an Roinn tríd an mBunachar Sonraí Bunscoile ar Líne (BSBL) nó tríd an mBunachar Sonraí Iar-Bhunscoile ar Líne (BSIBL) de réir mar is cuí. Tá foirm thoilithe ó thuismitheoir/chaomhnóir ag teastáil le haghaidh BSIBL i mbliana acadúil. Tá sonraí iomlána ar an bpróiseas, chomh maith leis an bhfoirm toilithe ar fáil ar gov.ie/seniorcycle.

Déanfaidh an Coimisiún um Scrúduithe Stáit teagmháil leis na scoileanna a thug le fios go dtí seo go mbeidh siad páirteach, ag tabhairt rochtain do na scoileanna sin ar thairseach ar líne chun scoláirí a bheidh páirteach i CFSSL1 nó i CFSSL2 a chlárú agus chun na modúil a dtugann an scoláire fúthu agus a ngaiscí sna modúil sin a thaifead.

## 5. Creidiúnú

Baileofar fianaise fhoghlama an CFSSL1 agus CFSSL2 i bportfóilió scoláire, a thaispeánfar le measúnú ar leibhéal scoile. Is féidir portfóilió a bheith mar chóip chrua can, i gcruth digiteach, nó i gcruth hibrideach iad araon.

Le haghaidh tuilleadh sonraí ar an solúbthacht a thugtar do scoileanna ó thaobh fianaise a bhailiú agus í a thaispeáint i bportfóilió de, déan tagairt, le do thoil, don Ráiteas Cláir agus don Treoirlínte Measúnaithe nuair a fhoilsítear é.

Baileofar an fhianaise fhoghlama, dul chun cinn agus gaisce a bhaineann leis an scoláire ar bhonn leanúnach chun portfóilió an scoláire a chruthú. Féadfaidh an fhianaise a thaispeánfar a bheith bainteach le torthaí foghlama ó mhodúil iomadúla agus ní gá go mbeidh sí teoranta d’aon mhodúl áirithe amháin. Féadfar fianaise a mheasúnú ar fud modúl iomadúil; Ní gá measúnú a dhéanamh ar gach toradh foghlama.

Tar éis próiseas dearbhaithe scoile inmheánaigh, cuirfear torthaí an scoláire in iúl don CSS agus déanfaidh an CSS iad a dhearbhú le haghaidh deimhnithe.

Is é an CSS a dhéanfaidh gach modúl faoin CFSSL1 agus faoin CFSSL2L a chuireann an scoláire i gcrích a mheasúnú. Eiseofar deimhniúchán ar leith

le haghaidh an chláir sin do scoláirí a chuireann modúil nó ábhair i gcrích trí chlár eile na Sraithe Sinsearaí (e.g. an Ardteistiméireacht Fheidhmeach). Eiseofar torthaí Chlár na Sraithe Sinsearaí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 i gcomhthráth le torthaí na hArdteistiméireachta Bunaithe agus na hArdteistiméireachta Feidhmí.

## 6. Foinsí chun Tacú leis an Sraith Shinsearach Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 a thabhairt isteach

Tá réimse fhoinsí ar fáil do scoileanna chun tacú le CFSSL1 agus le CFSSL2 a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme.

Na Treoirlínte d'Iar-Bhunscoileanna: Tacú le Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu i Ranganna Príomhshrutha agus doiciméid tacaíochta, lena n-áirítear Táscairí Cleachtais Éifeachtacha agus Comhad Tacaíochta Mac Léinn - Samplaí, chun cabhrú le scoileanna tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar fáil anseo Treoirlínte MOS agus doiciméid tacaíochta chun cabhrú le scoileanna tacú le Leanaí/Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

## 7.1 Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí

Tá clár gairmfhoghlama do ceannairí scoile agus do mhúinteoirí i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta á sholáthar chun tacú le CFSSL1 agus le CFSSL2 a thabhairt isteach. Tá sonraí iomlána ar fáil ón tseirbhís tacaíochta Oide ag www.oide.ie.

Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta clár cuimsitheach de sheimineáir Fhoghlama Gairmiúla do Mhúinteoirí ar fáil gach bliain scoile lena gcumhdaítear topaicí éagsúla a bhaineann le riachtanais oideachais speisialta.

## Naisc chuig breis eolais

CNCM: https://www.curriculumonline.ie/senior-cycle/level-1-and-level-2-learning-programmes/

CEC: https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/national-framework-of-qualifications

Oide: Cláir Foghlama Leibhéal 1 – Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí - Oide

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí: gov.ie/seniorcycle

-

**Arna eisiúint ag:**

Neville Kenny

Aonad Beartais Churaclaim agus Mheasúnachta

**Dáta ar eisíodh:**

06 Samhain 2025